# PHILIP BOCHT O HUIGINN

EDITED BY

LAMBERT McKENNA, S. J., M. A.

DUBLIN
THE TALBOT PRESS, LIMITED
89 Talbot Street
1931

## 25

1 Tuar feirge foighide Dé
bíom i n-oirchill an fhínné
a dhiomdha ag fás re gach fear
grás nach diongna fa dheireadh.

2 Is í an fhearg mhall as mheasa
a chiall is cúis fhaitcheasa
tiocfa rú gan tocht fa a thoil
olc nocha dú gan díoghuil.

3 An ceannsacht chaitheas rinne
is grian i ngar dílinne
leanfaidh sé fós na folta
i dtós ní hé as ionmholta.

4 An éagcóir leis dá locadh
do bhréagnuigh sé an seanfhocal
gé tá neart Dé ar gach duine
a cheart is é as eaglaighe

5 Fogus dá fheirg a hadhaint
dúinn ní cuirthe i gcontabhairt
lá na togharma do theacht
a chomhardha a-tá ag toigheacht.

6 Deireadh na n-aimsear más fhíor
do b'fhaide ó fheirg an airdríogh
an domhan a-né iná a-niodh
robhadh don té do thuigfeadh

7 Tiocfaid na siona saobha
nach budh haimsear iontaobha
bheith d'fholtaibh Dé 'n-ar ndeaghaidh
nochtair é le hairdheanaibh.

8 Sneachta nach éidir d'fhulang
gaoth as ghairbhe urughall
cioth teineadh 'n-a dhiaidh dá dháil
biaidh i ndeireadh an domhnáin.

9 Beid na croinn agus an chré
ar lasadh i ló an fhínné
géabhaid cumha na clocha
nach budh lugha a lasracha.

10 Achd gidh mór ngábhadh do gheibh
ó fhuacht thall is ó theinidh
go buain a gabhal ón ngréin
an talamh ní fhuair oilbhéim.

11 Fearfaid luibhe gach leirge
deora fola foirdheirge
fachain na fola duinne
fola ón Athair oruinne.

12 Is faide iná feadh radhairc
rachas uainn san fhiormamhaint
an fhairge as a falaidh féin
raghaidh i n-airde d'fhoiléim.

13 A lucht tuillte na teineadh
ar bhar gcionn do chífidhear
sgéal as cruaidhe dá gcluinte
béal gach uaidhe osluigthe.

14 Gach anam is é a bhunadh
tiocfa is tráth dá mhothughadh
là an tobhaigh ar ceann a chuirp
gearr ón fholaidh a hadhuint.

15 Ní fhúigfe i n-am na deaghla
Michéal maor an tighearna
a síol uile agus Éabha
duine dhíobh nach duiséagha.

16 Suidhfidh i néallaibh nimhe
ós chionn na n-ord n-ainglidhe
gairm shluaghaidh ar chách cuiridh
fáth uamhain a ionnsuidhidh.

17 Foghnamh na gceathra ndúl dóibh
ní racha leo lá an tionóil
an tráth díoltair na daoine
íocfaidh cách a gcomaoine.

18 An tuile grás do ní a-niogh
géabhaidh cóir Dé fa dheireadh
is gearr go dtuitfe an tuile
geall tuitmhe ar an trócuire.

19 Cneadha báis na mbas dtana
fearfaid frasa donnfhala
sreabha ainmheara an ochta
budh airdheana ionganta.

20 An ghoin do bhí 'n-a bhonnaibh
's a héaraic nar íocamair
teilgfidh an ghoinse i ló an luain
nach budh mhó a cuisle an chéaduair.

21 Ní fhéadfadh an uile naomh
dom dhíon dá ndeachdaois d'éantaobh
san bhráth ar an mbreitheamh gcóir
m'fheitheamh i dtráth an tionóil.

22 Breath Dé muna dheacha leam
ní shaorfadh inn ó Ifreann
sí do ghuidhe an dúilimh dhamh
ar glúinibh Muire máthar.

23 Do ghéabha gach duine a dhuais
ón rígh do réir a choguais
ar cairde nocha chuirfe
a chairde ná a chomhuighthe.

24 Measfaidh ar tús teacht i gcorp
measfaidh fhós bheith i mbochtacht
athadh dár ndéanaimhne dhó
éanoidhre an athar Íoso.

25 Gach comaoin dár chuir oirne
a pháis is ar bpeacaidhne
aigeoraidh ag breith na mbreath
aideomhaidh gan bheith buidheach.

26 Leanfaidh Íosa 's ní hé a-mháin
gan bhiadh gan éadach d'fhagháil
móide leanas é d'obadh
feabhas Dé fa dhearlagadh.

27 Do bhreith gach eolaigh orra
deithbhir ní fhuil eatorra
réir gach dhuine dá mbí bocht
is rí na n-uile d'fhurtocht.

28 A-déara an coimdhe re a chloinn
ní fhuaras óm aos chumoinn
gidh mór dá bhfolaidh fuair mé
cobhair i n-uair na héigne.

29 Mé an bhráighe ar a mbíadh árach
nar cobhradh ó chompánach
nír faomhadh le fear pháirte
mo thaobhadh eadh m'easláinte.

30 An cumhgach ar cuireadh mé
méad mo tharta uair eile
íocaidh thall is an teinidh
gan m'iotain ann d'fhóiridhin.

31 An lucht do chonghaibh mé a-muigh
gach uair dá n-iarrainn leabaidh
anfaid a-muigh uair oile
uaim ó thoigh na trócoire

32 Ní fhuighe sibh ó só a-mach
fód dá bhar bhfearann chartach
teacht leamsa nocha dú dhaoibh
a dhreamsa tú do thathaoir.

33 A bhriathra troma tearca
leigfidh lucht a n-éisteachta
ar n-ionráithne na n-anam
iolgháirthe mun uraghall

34 Dealóghaid re Dia athar
d'éis an mhic dá meadhachadh
lá seanaidh na dtrí dteaghlach
budh hí an deaghail doimheanmnach

35 A mhallacht cuirfidh re a gcois
rachaidh do réir a n-eolais
sealbh Dé as a láimh an lása
ní hé a-mháin a mhíoghrása

36 Biaidh aca i n-ionadh an ríogh
Lúicifear nar loc mighníomh
a lucht cumtha gá dám dhó
budh lán d'urchra agus d'iarghnó.

37 Sgarthar le deidhbhléanaibh Dé
ar chách mar chuirthear fínné
na pobuil do choill a gceart
mar bhoing choguil a cruithneacht

38 Na sé taoimsin do thaidhleas
ní cosmhail 's an chéadaighneas
re a ghaol béaraidh a bhuidhe
déanaimh na dtaom dtrócuire.

39 A-rís rachaidh dá sionnadh
a-déara go ndearnamar
oibreacha Dé ceann i gceann
sé toibreacha nach tráigheann.

40 Do chuabhair fa bhreith na mbocht
budh libh a lucht na mbeannacht
do chionn bhar dtoirbheart mór mion
oidhreacht na n-ógh 's na n-aingeal.

41 Duibh do bheirim beannacht lais
ionadh aingil an díomais
a chlann dán cóir a ionadh
an ghlóir thall do thuilleabhar.

42 Biaidh ar mosgladh a meanma
i dtimcheall an tighearna
re dtriall do tigh an chu'ridh
mian gach fhir dá ionnsuighidh.

43 Oirfideadh a aingil féin
binn le hanam gach fhíréin
budh ceol cluaise agus cridhe
an duaisse ón eon ainglidhe.

44 A ndéanmaid d'fhoghnamh uile
do iocfa re héanduine
is tocht don anam tar ais
a thadhal i bport Parthais.

45 Deoch mhilis an mhúir neamhdha
dúinn is damhna soimheanma
grádh síor ag gach dhuine dhí
's go bhfuighe a dhíol don dighse.

46 Do bhiadh i ngach dhuine dhíbh
gé tá a ndíol aca d'éintír
mac ríogh na righe neamdha
díol tire do thighearna.

47 Ar chionn an bhráith bíom ullamh
cairde go fóill fuaramar
an athchairde ní fhuigheam
an athghairde ionnsuigheam.

48 Do thuair Ádhamh is Éabha
fearg Críost is cúis aithmhéala
go lá togha na dtrí sluagh
ní bhí an fhola acht gá hathtuar.

49 Dá mbeidis dom breith ar neamh
bráthair umhal is aingeal
uadh ní budh fheirrde ar dteibe
is tuar feirge foighide. Is tuar,